



An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13406/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0270 (NLE)

UD 255
TR 2
MED 46

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 477 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc, a mhéid a bhaineann le Cinneadh a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 477 final.

Faoi iamh: COM(2026) 477 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2026
COM(2026) 477 final

2026/0270 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um
Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc, a mhéid a bhaineann le
Cinneadh a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm
Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus
an Tuirc**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc i ndáil le Cinneadh a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh, Cinneadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Tuirc agus Cinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim a chur chun feidhme

Is é is aidhm don Chomhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc, a síníodh in Ankara an 12 Meán Fómhair 1963 ('an Comhaontú Comhlachais')¹, neartú leanúnach cothrom an chaidrimh trádála agus eacnamaíoch idir na Páirtithe a chur chun cinn trí aontas custaim a bhunú de réir a chéile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Nollaig 1964.

Le Cinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 ('Cinneadh Uimh. 1/95')² bunaítear na rialacha maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim a chur chun feidhme a leagtar síos in Airteagail 2 agus 5 den Chomhaontú Comhlachais.

2.2. An Coiste um Chomhar Custaim

Bunaíodh an Coiste um Chomhar Custaim le Cinneadh Uimh. 2/69 ón gComhairle Comhlachais an 15 Nollaig 1969³. Sonraítear in Airteagal 2 den Chinneadh sin go bhfuil an Coiste um Chomhar Custaim freagrach as comhar riaracháin a áirithiú idir na Páirtithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear forálacha custaim an Chomhaontaithe Comhlachais i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach agus as aon chúram eile i réimse an chustaim a dhéanamh a fhéadfaidh an Coiste Comhlachais a chur de chúram air.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste um Chomhar Custaim

Ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gCoiste um Chomhar Custaim nó trí mhalartú litreacha, tá sé le Cinneadh a ghlacadh maidir le rialacha mionsonraithe chun Cinneadh Uimh. 1/95 a chur i bhfeidhm ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe forálacha Chinneadh Uimh. 1/2006 ón gCoiste um Chomhar Custaim idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 26 Meán Fómhair 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ('Cinneadh Uimh. 1/2006', dá ngairtear an 'reachtaíocht idirlinne' freisin)⁴ a thabhairt cothrom le dáta chun iad a chur i gcomhréir le forálacha nua reachtaíocht chustaim an Aontais agus na Turce.

¹ IO L 361, 31.12.1977, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1964/732/oj

² IO L 35, 13.2.1996, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1\(5\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1(5)/oj)

³ Níl an cinneadh foilsithe.

⁴ IO L 265, 26.9.2006, lch. 18, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2006/646/oj>

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é is aidhm don togra atá i gceangal leis seo go nglacfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais maidir leis an gníomh atá beartaithe.

Is é is cuspóir don Chinneadh seo an reachtaíocht idirlinne a ailíniú le forálacha Chód Custaim an Aontais agus an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('Coinbhinsiún PEM'), le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. Leis an gcinneadh nua, déanfar an méid seo a leanas:

- cuirfear an méadú san áireamh, go háirithe maidir le doiciméid a fhorhuiniú i dteangacha nua an Aontais agus na forbairtí is déanaí i reachtaíocht chustaim an Aontais, go háirithe maidir le deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach, foirmeacha faisnéise INF 2 agus INF 4;
- déanfar forálacha Choinbhinsiúin PEM a ionchorprú, chun cur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach an Aontais Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc agus na socruithe trádála fabhracha idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc agus na páirtithe conarthacha eile i gCoinbhinsiún PEM a éascú, a mhéid a bhaineann leis an riail maidir le hiompar díreach/neamhathrú, carnadh tionscnaimh iomlán agus cur i bhfeidhm aiséioachta dleachta le haghaidh earraí a onnmhairítear lasmuigh den Aontas Custaim.

Chun cur chun feidhme na rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 a éascú, is iomchuí Cinneadh nua a chur in ionad Chinneadh Uimh. 1/2006.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. *Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinní lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh'⁵.

4.1.2. *Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste um Chomhar Custaim a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Comhaontú Comhlachais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Tuirc.

An gníomh a iarrtar ar an gCoiste um Chomhar Custaim a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis.

Tá éifeachtaí dlíthiúla leis an ngníomh atá beartaithe toisc go dtiocfaidh sé chun bheith infheidhme sna Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 24 den Chomhaontú Comhlachais agus le hAirteagal 28, míreanna 1 agus 3, de Chinneadh Uimh. 1/95.

⁵ Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin v an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe Comhlachais a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála agus le cur chun feidhme an Aontais Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leis an ngníomh atá beartaithe trádáil idir na Páirtithe a éascú trí na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 a bhunú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go mbeidh an gníomh ón gCoiste um Chomhar Custaim infheidhme ag an dá Pháirtí, lena n-áirítear an tAontas agus a Bhallstáit, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc, a mhéid a bhaineann le Cinneadh a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinne an tAontas an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc ('an Comhaontú Comhlachais') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 64/732/CEE ón gComhairle an 23 Nollaig 1963⁶ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Nollaig 1964.
- (2) Cinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995⁷ maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim a chur chun feidhme, tháinig sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 1995 ('Cinneadh Uimh. 1/95').
- (3) Bunaíodh an Coiste um Chomhar Custaim le Cinneadh Uimh. 2/69 ón gComhairle Comhlachais an 15 Nollaig 1969⁸ i gcomhréir le hAirteagal 24 den Chomhaontú Comhlachais.
- (4) Le hAirteagal 28, míreanna 1 agus 3, de Chinneadh Uimh. 1/95, cuireadh de chúram ar an gCoiste um Chomhar Custaim na bearta iomchuí a leagan síos chun na forálacha custaim atá sa Chinneadh céanna a chur chun feidhme.
- (5) Tá an Coiste um Chomhar Custaim le cinneadh a ghlacadh, le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige nó trí mhalartú litreacha, maidir le rialacha mionsonraithe chun Cinneadh Uimh. 1/95 a chur i bhfeidhm.
- (6) Is gá forálacha Chinneadh Uimh. 1/2006 a ailíniú le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an Leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('Coinbhinsiún PEM')⁹.

⁶ IO P 217, 29.12.1964, lch. 3685.

⁷ IO L 35, 13.2.1996, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1\(5\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1(5)/oj).

⁸ Níl an cinneadh foilsithe

⁹ IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj>

- (7) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an Leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.
- (8) Le forálacha idirthréimhseacha, coinníodh cur i bhfeidhm rialacha tionscnaimh 2012 Choinbhinsiún PEM¹⁰ ar bun idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2025 i gcomhthreo le rialacha athbhreithnithe Choinbhinsiún PEM arna leasú le Cinneadh Uimh. 2/2024 ó Chomhchoiste Choinbhinsiún PEM.
- (9) Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh chun leanúnachas dlíthiúil a áirithiú, deimhneacht dhlíthiúil a chaomhnú d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis chustaim, agus aon chur isteach ar chur i bhfeidhm rialacha fabhracha tionscnaimh faoi chuimsiú an Aontais Custaim a sheachaint, tar éis do na forálacha idirthréimhseacha dul in éag an 31 Nollaig 2025.
- (10) Is gá forálacha Chinneadh Uimh. 1/2006 a thabhairt cothrom le dáta chun iad a thabhairt i gcomhréir le forálacha nua reachtaíocht chustaim an Aontais agus na Tuirce.
- (11) Thairis sin, is gá téacsanna formhuinithe éagsúla a chur isteach i dteangacha nua an Aontais mar thoradh ar mhéadú an Aontais Eorpaigh.
- (12) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chomhar Custaim a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh infheidhme san Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc faoin gComhaontú Comhlachais bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Chomhar Custaim atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹⁰ IO L 54, 26.2.2013, lgh. 3-158, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2013/94\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2013/94(1)/oj)